

Agus cad é ansin? Scríofa ag Elodie Hervier

Tá triúr leanaí ag Mamó agus Daideo a bhfuil leanaí acu féin; na garpháistí. Eagraíonn an iníon is sine, Isabelle cuimhneacháin a bpósta le blianta beaga anuas, is cuireann sí troiblóid uirthi féin chun é seo a dhéanamh. Anois, tuigeann páistí Isabelle go bhfuil ról acu an freagracht seo a thógaint orthu féin, agus na traidisiúin a bhunaigh sí lei seo. Tá sé ar intinn ag an deirfiúr is sine, Anne-Sophie, cuimhneachán mhór seasca mbliana a bpósta dá seantuismitheoirí a eagrú asti féin. Tá sí tar éis freagracht an chuimhneacháin go léir a ghlacadh uirthi féin. Níl a colceathracha ag smaoineamh ar an gcaoi ceánna.

Carachtair:

Anne-Sophie: an figiúr lárnach sna socrúithe. Is iad Isabelle agus Pierre a tuismitheoirí. Is í Sarah a deirfiúr. Is iad Paul, Luca agus Camille a gcol ceathracha.

Paul: An chéad chol ceathrar le Anne-Sophie agus Sarah. Chomh maith leis sin (ar leithligh) col ceathrar le Camille. Is é a dheartháir Luca. Go mór i gcoinne a athair. Vegan

Camille: Col ceathrar Anne-Sophie agus Sarah agus ansin Paul agus Luca freisin. Is cairde an-mhaith í Camille le Paul. Úsáidtear an t-ainm “Camille” d’fhir agus do mhná agus is féidir leis an gcarachtar a bheith in inscne ar bith.

Sarah: Deirfiúr níos óige Anne-Sophie. Tá sí 17 mbliana d’aois.

Luca: Deartháir níos sine Phóil. Col ceathrar le Camille agus Anne-Sophie agus Sarah.

Magdalena: Tagann bean chéile Luca ón nGréig ó dhúchas. Bhuail siad le chéile mar mhic léinn agus tá cónaí orthu le chéile san Iodáil anois.

Pierre: Fear céile Isabelle. Athair Anne-Sophie, Sarah agus a dtríú leanbh Thibault. Freastalaí: (m/f)

Tá an radharc suite sa bhialann, áit ar ghlaoigh Anne-Sophie ar na colceathracha chun an cúnamh a bheidh de dhíth uirthi a shocrú don dinnéar comórtha.

Atmaisféar bialainne atá ann– tá na daoine seo ina suí thart ar an mbord : Anne-Sophie, Luca, Paul, Camille, Sarah, Magdalena. Tagann an freastalaí.

Freastalaí: Tá an kir le haghaidh...?

Anna-Sophie : Anseo

Freastalaí : Agus na beoir...?

Anne-Sophie : Sin ceann ansin, ceann do Camille, agus ceann amháin eile anseo is dóigh liom? An beoir a bhí ag teastáil *uait?*

Luca: Paul, an beoir a bhí ag teastáil uait?

Paul: Bhí

Anne-Sophie: Aaa, d'aimsíomar é...agus ceann amháin eile ansin! Maith sibh! Mar sin, "A Mhaimeo agus Daideo- agus thar aon rud eile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil daoibh go léir as cabhair a thabhairt leis na socraithe.

Tá an tábla ar fad ag clingeadh gloiní - is féidir linn beirt charachtair a chloisteáil ag caint lena chéile ag fáil amach cén scéala is déanaí acu. Faoi dheireadh, cloisimid Anne-Sophie sa chúlra ag an taobh eile den bhord ag caint faoi na socruithe atá de déanamh: "Mar sin ní mór dúinn an íocaíocht a shocrú don tsiopadóireacht, cé chomh fada is a thógfaidh sé chun an fheoil a chócaráil, tá an dáta socraithe againn. Ní mór dúinn leanúint leis an... chomh maith leis sin, caithfear na deochanna a cheannach, tá na deochanna atá uainn oibhrithe amach agam is chuir mé síos céard atá ceannaithe againn go dtí seo.

Tá croílár an seit gar do charachtair Camille agus Paul atá ina suí in aice lena chéile is ag caint lena chéile.

Paul: Dinnéar eagraithe chun dinnéar eile a eagrú, tá sí imithe as a meabhair, nach bhfuil?

Camille: Bhuel ... tá a fhios agat an méid is breá léi a bheith faoi strus.

Paul: 'Sea, is cosúil gurb é sin an caitheamh aimsire is breá lei. Mar sin - An bhfuil aon rud chaithfidh a bheith ar eolas agam?

Camille: Cad é?! - Nár éist tú lena glórtheachtair?

Paul: Hm..

Camille: Sea, tá a fhios agam ... tá scata theachtair ann, ar ndóigh ní féidir liom éisteacht leo go léir arís.

Paul: Tá sin ceart go leor. Is féidir liom éisteacht leo ar luas dúbailte.

Camille: Haha, beimid sáite ag éisteacht le seo. Ísligh an fhuaim, ar a laghad.

Gearrthóga fuaimne ag seinnt i ndiadh a chéile. Cuireann Paul na ghlórtheachtair go hiomlán ar siúl gan éisteacht leo. Is féidir leis iad a bhrostú, cur isteach orthu, agus is féidir leat fuaimneanna an aip ag deireadh na nótaí a chloisteáil freisin.

Is féidir na téacsanna anseo a ghiorrú, is moltaí iad don sliocht an-rithimeach, measctha agus idirbhriste seo.

Glórtheachtaireacht #1: Anne Sophie: (ag baint úsáide as guth tionchaire ar líne) ‘Dia dhaoibh a cháirde! Dia dhaoibh a cholceathracha! I mbliana tá Maimó agus Daideo ag céiliúradh chuimhneachán seasca mbliana a bpósta agus tá a fhios againn go léir gur ócáid mhór atá ann ... Mar is amhlaidh le gach ceann dos na céiliúirí seo, cuirtear dearcadh gach duine san áireamh i rith na socruithe. Haha, is léir do chách go bhfuil mé an té a phleanáil do choiste stiúrtha beagahaha. Ach i ndáiríre, chaithfear a bheith cinnte go bhfuil gach duine sásta leis an mbéile, agus fresin cabair a thabhairt lena chéile dos na socruithe, lóistín a fhál do thriúr leanaí agus céilí mamó agus Daideo mar aon le ocht ngarpháistí agus anois, chomh maith le sin, an ghlúin nua de bheirt mhic garpháistí...’

Glórtheachtaireacht #2: Sarah: "ahahaha Dia Dhaoibh go léir, go raibh maith agat "Anne-So"! Tá an grúpa seo go hiontach. Mar sin - tabhairfaidh mé faoi thasc an fheighlí leanaí, mar a dúirt mo dheirfiúr ta mic garpháistí linn anois. Is féidir lion cuidiú bia a ullmhú tráthnóna an cuimhneachán más gá. Ceart go leor, táim ar bís bualadh le gach duine.

Glórtheachtaireacht #3: Pierre: Tá Thibault agus mé féin ar dhualgais císte. Cén sórt cáca atá ag teastáil ó gach duine?

Glórtheachtaireacht #4 :’ Camille: Bounjour! Ar ndóigh beidh mé ag an lá ollmhór seo, mura shocróidh sibh ar deireadh seachtaine an tríú lá déag de mhárta. Táim tar éis mo dhátaí a thabhairt go Anne ar aon nós...’

Glórtheachtaireacht #5: Pierre: ‘Haigh, níor insin éinne cén saghas císte a bheidh ag teastáil uainn.’

Glórtheachtaireacht #6 Camille: ‘Ceart go leor. Caithfear teacht thar nais chuig an díospóireacht veigeatóireach. Aontaím, caithfidh mé a rá, athrú deas a bheadh ann ón bhfeoil fhuar agus maonáis. Níor thaitin sé sin liom riamh agus mé ina pháiste.

Glórtheachtaireacht #7: Sarah: ‘Smaoineamh deas é cupla athrú a dhéanamh. Ach má bhfuil daoine a thaitníonn rósta acu, is féidir linn cloí le tradisiún. Agus mar go bhfuil Anne-So an duine a bhfuil...’

Glórtheachtaireacht #8: Sarah: ‘Cé go mbeadh orainn feoil amháin a roghnú, b’fhéarr liom an lacha a bheith agam.’

Glórtheachtaireacht #9: Pierre: ‘Smaoineamh deas é sin. Thaitníonn duine éigin a insint dom; cén saghas císte a bhfuil gach duine á iarraidh?’

Glór bialainne. Tá an freastalaí ag glacadh na n-orduithe.

Freastalaí: agus duitse, a mháistir?

Paul: Nach bhfuil aon miasa veigeánach ar an mbiachláir?

Freastalaí: Tá dhá mhiasa veigeánach mar aon le rogha eile éisc freisin.

Paul: Ceart go leor, má tá conabhlach ann, ní bia veigeatóireach é. Cócáiltear an pasta asparagais le hola olóige, sin ceart?

Freastalaí: Eeh..Déarfainn go bhfuil sé?

Paul: Ní dhéanann sé difraíocht cad a déarfá... is veigeán mé agus níl táirgí ainmhaithe ar bith ag taisteáil uaim.

Freastalaí: Ceart go leor, seiceálfaidh mé faoi dhó sular gcuirfidh mé an t-órdú isteach sa chistin. Paul: Seachas sin, beidh pláta sceallóga agam.

Anne-Sophie: (ón taobh eile den bhord) Tá tú chun troiblóid a thabhairt *dúinn* faoin bhfeoil. Ní bheimíd riamh croíchnaithe le seo.

Luca (ag cur isteach ar Anne-Sophie): Is veigeatóirí muid mise agus Magdalena. Tá na céadta oidis gréigis ag Magdalena..

Tá an fócas arís ar an gcomhrá idir Camille agus Paul.

Paul (go réidh): Leanann an rud seo ar aghaidh is ar aghaidh. Na cinn amháin is feidir liom éisteacht leo ná d'uncaíl ag seacht soicind.

Camille: Níl aon eolas uait ach go raibh sí ag iarraidh cuireadh a thabhairt do gach duine, agus gurb í an ata á roghnaigh siad ná an dáta céanna go bhfuil d'athair saor do, mar ba é sin an lá a d'fhéadfadh gach duine freastail ar.

Éiríonn guth Luca níos airde arís agus stopann Camille agus Paul ag caint. Filleann an fócas go lár an mbord.

Luca: Is veigeatóirí muid mé féin agus Paul le fada anois i ndáiríre. Agus mo bhean chéile freisin, mar is eol duit. Rud deas a bheadh ann ár n-oidis a chur i do láthair an uair seo. Eagraíocht aon threo a bhíonn ar siúl i gcónaí.

Anne-Sophie : Sea, ach bheadh ar dhuine éigin é sin a eagrú. Bíonn fáilte roimh dhaoine eile a bheith páirteach, mar is eol duit?

Magdalena: Anne-Sophie, is féidir linn dul ag siopadóireacht. Bhí sé sin ar intinn againn.

Anne-Sophie: Rud deas uait é sin a rá ach ní hí an tsiopadóireacht amháin a chuireann inní orm. Caithfidh rud le ithe a bheith ann do chách, agus beidh an feoil ag taisteáil ag daoine áirithe i gcónaí. B'fhéarr liom gan seans a thógaint.

Camille: B'fhéidir gur féidir linn rannóg veigeatórach a chur ar fháil?

Magdalena: Ní hé sin an rud a bhí ar intinn againn i ndáiríre. Is beag an comhrac a bheidh ann miasa

chomh éagsúla sin a bheith agat le chéile ach... bhuel, beidh sin ann i gcónaí.

Luca: Tá sé beagán dochreidte nach féidir aon athrú a dhéanamh don bhíochlarr.

Le.a Serveur.euse: Cé díobh an borgaire sicín?

Cúpla nóiméad moilleadóireachta, cuirtear na miasa ar an mbord. Sarah (ag iarraidh an giúmar a athrú): Mar sin “bon appetit” gach duine. Luca: Fiú dóibh siúd nach n-itheann feoil?

Anne-Sophie: Ceart. An féidir linn bogadh ar aghaidh, anois? Cé díobh a bhfuil ag tabhairt beannú dos na haíonna? Camille agus Paul, ós rud é nach bhfuil sibhse ar an bhfoireann siopadóireachta nó i bhfoireann na cistine, shíl mé go bhféadfadh sibh é a dhéanamh?

Paul: Ummm.. Ní hea

Camille: Bheadh sé níos fearr dá bhfanadh Paul chun cabhrú leis an gcócaireacht veigeatóirach.

Anne-Sophie: Ceart go leor, mar sin tá cinneadh déanta agat gan aon rud a d'iarramar ort a dhéanamh, i ndáiríre?

Paul: Agus tá cinneadh déanta agat gan aon rud a d'iarramar ort a chur san áireamh. Anne-Sophie : Tá sé díreach ráite agam gur féidir roghanna veigeatóirach a bheith agat.

Paul: Tá mé ag caint faoi tusa ag tabhairt cuireadh do m'athair nuair a chuir mé in iúl go soléir duit gur theastaigh mé go roghnófá deireadh seachtaine nuair nach raibh sé saor.

Sarah: Roghnamar an dáta a d'fhéadfadh gach duine a dhéanamh. Tá ciall leis sin.

Paul: Tá ciall leis sin duitse.

Anne-Sophie: Cad a déarfaimis leis mura bhféadfadh sé teacht?

Paul: Go bhfuil a iompar i ngrúpaí thar fóir go hiomlán? Deirfeá leis go bhfuil tú tinn tuirseach dó gan lámh chúnata a thabhairt riamh. Tinn tuirseach de gach éinne ag ligean dó pé rud is mian leis a dhéanamh. Go mbíonn sé drochbhéasach le

daoine. Drochbhéasach do mhná. Agus thar aon rud eile, cuireann sé náire ar a chlann mhac go poiblí. D'fhéadfá, mar shampla, a rá leis gur chuireamar suas leis le rófhada anois. Go ligeann gach éinne leis i gcónaí, ach go gcruthaíonn sé atmaisféar ghránna shitty agus nach bhfuil uncail dofhulaingthe suite ag taobh eile an mbord ag teastáil uait. Tá a fhois agat féin conas a iompraíonn sé- ná lig ort nach bhfuil a fhios agat cad atá á rá agam.

Sarah: Is fíor é sin- tá cuimhní *agamsa* an-eagla orm roimhe ón tslí a scairt sé ort.

Anne-Sophie: Sea, ceart go leor - agus anois? Tar éis an tsaoil, tharla é sin agus muidne ina pháistí. Cloífidimid leis an bhfiche haonú la de Mhárta. Tá sé scríofa ar na cuirí agus tá an halla in áirithe againn. Is é an fiche haonú la de Mhárta 2020 cóisir chomórtha Mamó agus Daideo agus nílimid chun é a athrú ar ór ná ar airgead é. Go háirithe chun stop a chur dá bpáistí féin teacht. Ní gnáthchóisir amháin é seo, an bhfuil?

Paul: Agus cad atá in ainm agam déanamh don chóisir ar fad?

Anne-Sophie: Beidh áthas ar gach duine tú a bheith ann. Ní hé an bheirt agaibh amháin a bheidh ann. Caithfidh sibh go léir teacht amach as do dhomhain bheaga. Caithfidh gach éinne iad féin a chur in ord agus in eagar. Sin díreach mar atá sé. Tá comóradh a bpósta ar 17ú Márta 2020 agus mar sin beimid á cheiliúradh ar an 21ú Márta. Sin é an dáta, agus sin é. Níl ach cuid den shaol iad na rudaí atá ar siúl agat le d'athair, níl rud ar bith le déanamh faoi. Tá deachrachaí ag gach uile theaghlach. Is gnáthchuid den saol é, agus ní fheicimse é ag athrú lá ar bith feasta.